2024/3217 27.12.2024

**CINNEADH (AE) 2024/3217 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 5 Nollaig 2024**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa mheitheal *ad hoc* agus sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar, a mhéid a bhaineann le téarmaí tagartha na meithle *ad hoc***

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar [1] ('an Comhaontú'), shínigh an tAontas é an 29 Meitheamh 2022 de bhun Chinneadh (AE) 2022/1158 ón gComhairle [2], agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn sealadhach an dáta sin. Chuir an tAontas i gcríoch é le Cinneadh (AE) 2022/2435 ón gComhairle [3] agus tháinig sé i bhfeidhm an 5 Nollaig 2022.

(2) Leasaíodh an Comhaontú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar an 29 Meitheamh 2022 [4], a síníodh an 20 Meitheamh 2024 de bhun Chinneadh (AE) 2024/1876 ón gComhairle [5] agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn sealadhach an dáta sin.

(3) Cuireadh meitheal *ad hoc* ar leith ar bun le hAirteagal 7A(1) den Chomhaontú chun cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe a éascú.

(4) De bhunAirteagal 7A(6) den Chomhaontú tá an mheitheal *ad hoc* lena téarmaí tagartha a ghlacadh.

(5) Chun eagrúchán agus fheidhmiú na meithle *ad hoc* a áirithiú, agus leis sin cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe a éascú, ba cheart téarmaí tagartha na meithle *ad hoc* a ghlacadh agus ba cheart don Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 7A(1) den Chomhaontú iad a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 7A(6) den Chomhaontú.

(6) Dá bhrí sin, tá an mheitheal *ad hoc* lena téarmaí tagartha a ghlacadh, agus tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh lena ndéantar fhormheas ar na téarmaí tagartha sin.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa mheitheal *ad hoc* agus sa Chomhchoiste faoi seach maidir le téarmaí tagartha na meithle *ad hoc* a ghlacadh agus a fhormheas, toisc go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ar an Aontas ag na gníomhartha sin faoin dlí idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 7(1) den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de hóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin ('an Comhaontú'), a mhéid a bhaineann le formheas téarmaí tagartha na meithle *ad hoc* a bunaíodh le hAirteagal 7A(1) den Chomhaontú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo ('an dréachtchinneadh').

[1] IO L 179, 6.7.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/1158/oj.
[2] Cinneadh (AE) 2022/1158 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (IO L 179, 6.7.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1158/oj.
[3] Cinneadh (AE) 2022/2435 ón gComhairle an 5 Nollaig 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (IO L 319, 13.12.2022, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2435/oj).
[4] IO L, 2024/1878, 2.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1878/oj.
[5] Cinneadh (AE) 2024/1876 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar an 29 Meitheamh 2022.

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa mheitheal *ad hoc* a bunaíodh le hAirteagal 7A(1) den Chomhaontú, a mhéid a bhaineann le glacadh a téarmaí tagartha, beidh sé bunaithe ar na dréacht-téarmaí tagartha atá i gceangal leis an dréachtchinneadh.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais, sa Chomhchoiste agus sa mheitheal *ad hoc*, mionathruithe ar an dréachtchinnedh agus ar na téarmaí tagartha dá dtagraítear sa dara fomhír den Airteagal seo a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Foilseofar an Cinneadh ón gComhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY B.

---

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2024 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN MAIDIR LE hIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR**

**an …**

**a mhéid a bhaineann le téarmaí tagartha na meithle *ad hoc* a bunaíodh leis an gcomhaontú**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(5) agus Airteagal 7A(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar ('an Comhaontú'), shínigh an tAontas é an 29 Meitheamh 2022 de bhun Chinneadh (AE) 2022/1158 ón gComhairle ([2]), agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn sealadhach an dáta sin. Chuir an tAontas i gcríoch é le Cinneadh (AE) 2022/2435 ón gComhairle ([3]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 5 Nollaig 2022.

(2) Leasaíodh an Comhaontú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar an 29 Meitheamh 2022 ([4]), a síníodh an 20 Bealtaine 2024 de bhun Chinneadh (AE) 2024/1876 ón gComhairle ([5]) agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn sealadhach an dáta sin.

(3) De bhun Airteagal 7A(6) den Chomhaontú tá an mheitheal *ad hoc* a bunáiodh le hAirteagal 7A(1) den Chomhaontú lena téarmaí tagartha a ghlacadh, ar téarmaí iad atá le formheas ag an gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 7(5) den Chomhaontú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart téarmaí tagartha na meithle *ad hoc* a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Téarmaí tagartha na meithle ad hoc**

Leis seo, formheastar téarmaí tagartha na meithle *ad hoc*, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*Na Comhchathaoirligh*

---

([1]) IO L 179, 6.7.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/1158/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2022/1158 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (IO L 179, 6.7.2022, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1158/oj.

([3]) Cinneadh (AE) 2022/2435 ón gComhairle an 26 Iúil 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar

([4]) OJ L, 2024/1878, 2.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1878/oj.

([5]) Cinneadh (AE) 2024/1876 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar an 29 Meitheamh 2022 IO L, 2024/1876, 2.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1876/oj.)

*IARSCRÍBHINN*

DRÉACHT

TÉARMAÍ TAGARTHA NA MEITHLE *AD HOC* A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN MAIDIR LE hIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR

*Airteagal 1*

Féadfaidh an mheitheal *ad hoc* cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar ([1]) ('an Comhaontú') laistigh dá réimse freagrachta.

*Airteagal 2*

1. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ón Úcráin ina chathaoirleach ar an meitheal *ad hoc* ar bhonn idirmhalartach.

2. Beidh oifigeach ó Ard-Stiúrthóireacht Soghluaisteachta agus Iompair an Choimisiúin Eorpaigh ina ionadaí de chuid an Aontais Eorpaigh. Beidh oifigeach ón Aireacht atá i gceannas ar an iompar de bhóthar san Úcráin ina ionadaí de chuid na hÚcráine.

3. Tabharfaidh an tAontas agus an Úcráin fógra dá chéile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an ionadaithe atá ag gníomhú mar chathaoirleach ar an meitheal *ad hoc* thar ceann an Aontais nó thar ceann na hÚcráine, faoi seach. Measfar go leanfaidh an t-ionadaí sin de bheith ag gníomhú mar chathaoirleach thar ceann an Aontais agus na hÚcráine, faoi seach, go dtí an dáta a bheidh fógra tugtha ag an Aontas nó ag an Úcráin don Pháirtí eile sa Chomhaontú ('an Páirtí') faoi chathaoirleach nua.

4. Féadfaidh an mheitheal *ad hoc* cuireadh a thabhairt do shaineolaithe chuig a cruinnithe agus féadfaidh sí éisteacht leo i ndáil le pointí sonracha ar an gclár oibre.

*Airteagal 3*

1. Oibreoidh an mheitheal *ad hoc* faoi údarás an Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 7(1) den Chomhaontú.

2. Glacfaidh na hionadaithe ón dá Pháirtí tuarascáil na meithle *ad hoc* chuig an gComhchoiste trí chomhaontú frithpháirteach.

3. Glacfaidh na hionadaithe ón dá Pháirtí moltaí chuig an gComhchoiste trí chomhaontú frithpháirteach.

4. I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, féadfar tuarascálacha agus moltaí na meithle *ad hoc* a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn. Chuige sin, pléifidh na hionadaithe ón dá Pháirtí an dréacht-tuarascáil nó an dréachtmholadh, a fhéadfar a dheimhniú trí chomhfhreagras a mhalartú.

5. Tuairisceoidh agus tarchuirfidh an mheitheal *ad hoc* a miontuairiscí, a tuarascálacha agus a moltaí chuig cathaoirleach an Chomhchoiste laistigh de 30 lá féilire ó dheireadh gach chruinnithe agus in aon chás i gcomhréir le hAirteagal 7A(5) den Chomhaontú.

*Airteagal 4*

Gníomhóidh ionadaithe na bPáirtithe go comhpháirteach mar rúnaithe na meithle *ad hoc*.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an mheitheal *ad hoc* le chéile i gcás ina n-éileofar sin le himthosca, ar bhonn iarriadh i scríbhinn ó cheachtar den dá Pháirtí. Reáchtálfar gach cruinniú in áit agus ar dháta arna chinneadh go frithpháirteach ag na Páirtithe.

([1]) IO L 179, 6.7.2022, p. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/1158/oj.

2. I gcás ina n-iarrfaidh Páirtí amháin cruinniú, tabharfaidh rúnaí an Pháirtí eile freagra laistigh de 15 lá oibre ón dáta a fhaightear an iarraidh. I gcásanna práinne ar leith, féadfar cruinnithe na meithle ad hoc a thionól ar fhógra níos giorra, faoi réir thoiliú frithpháirteach na bPáirtithe.

3. Comhthionólfaidh na rúnaithe cruinnithe na meithle *ad hoc*.

*Airteagal 6*

1. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí iarraidh ar an gcathaoirleach mír a chur ar an gclár oibre le haghaidh cruinnithe. Cuirfear iarrataí den sórt sin faoi bhráid rúnaithe na bPáirtithe ar a laghad 15 lá oibre roimh an gcruinniú, agus cuirfear aon doiciméadacht tacaíochta faoina mbráid ar a laghad 10 lá oibre roimh an gcruinniú.

2. Déanfaidh na rúnaithe an dréachtchlár oibre a chur in iúl do na Páirtithe tráth nach déanaí ná 5 lá oibre roimh an gcruinniú. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh na Páirtithe a chinneadh trí chomhaontú frithpháirteach míreanna a chur leis an gclár oibre ar ghearrfhógra.

3. Glacfaidh na hionadaithe ón dá Pháirtí an clár oibre trí chomhaontú frithpháirteach ag tús gach cruinnithe. Féadfar míreanna seachas iad siúd atá ar an dréacht-chlár oibre a chur leis an gclár oibre, agus féadfar aon phointí eile ar an gclár oibre sealadach a scriosadh, a chur siar nó a leasú, má chomhaontaíonn ionadaithe na bPáirtithe amhlaidh.

*Airteagal 7*

1. Cuirfidh na rúnaithe dréacht-mhiontuairiscí gach chruinnithe ar fáil go comhpháirteach bunaithe ar thorthaí gach chruinnithe.

2. Déanfaidh ionadaithe na bPáirtithe na dréacht-miontuairiscí a fhormheas agus a shíniú.

3. Mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt, ní bheidh na cruinnithe ina gcruinnithe poiblí.

*Airteagal 8*

1. I gcás ina gcuirfidh an tAontas Eorpach nó an Úcráin faisnéis atá rúnda nó cosanta ar nochtadh faoina dhlíthe agus faoina rialacháin ábhartha faoi bhráid na meithle *ad hoc*, caithfidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda.

2. I gcás ina gcuirfidh an tAontas Eorpach faisnéis atá rúnda nó cosanta ar nochtadh faoina reachtaíocht ábhartha maidir le slándáil faisnéise, lena n-áirítear Cinneadh (AE, Euratom) 2915/433 ón gComhairle (2) faoi bhráid an Chomhchoiste, áiritheoidh an Úcráin leibhéal inchomparáide rúndachta agus cosanta don fhaisnéis sin. I gcás ina gcuirfidh an Úcráin faisnéis atá rúnda nó cosanta ar nochtadh faoina dlíthe agus faoina rialacháin ábhartha faoi bhráid na meithle *ad hoc*, caithfidh an Coimisiún Eorpach eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda.

(2) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41) ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj..